2021.M56T V1

2021L033G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 17 Meitheamh    Maidin 9:30 – 12:00

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna do **Roinn 2** i gceistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Cuig** gceist as **Roinn 1**

**agus**

**(B)** **Trí** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**
Ceist **amháin** as **Cuid 2** agus
agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá gach ceist ar cómharc sa roinn seo.**

**Tabhair do d'aire, le do thoil, leithdháileadh na marcanna in aghaidh na ceiste.**

**Déantús agus múnla an áireamháin a úsáideadh:** | |

| **Roinn 1** | **Ceisteanna Gearrfhreagra** | **75 marc** |
|---|---|---|

**Freagair 5 gceist. Tá 15 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás cuí. (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)

| | |
|---|---|
| UAP *(PIN)* | |
| UMB *(ATM)* | |
| RCB *(APR)* | |

**2.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | **Ráiteas** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| **(i)** | Bíonn vóta réitigh ag an gcathaoirleach má bhíonn comhionannas vótaí ann ag cruinniú. | |
| **(ii)** | Cuireann an cathaoirleach amach an fógra agus an clár do gach cruinniú. | |
| **(iii)** | Glacann an rúnaí nótaí le linn an chruinnithe agus scríobhann miontuairiscí an chruinnithe. | |
| **(iv)** | Is éard is córam ann ná an t-íoslíon daoine a chaithfidh a bheith i láthair le go mbeadh cruinniú ann. | |

**3.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt a chríochnú. (Tá focal amhain nach mbeidh in úsáid.)

**Straitéis** **Dhéimeagrafach** **Deighilt**

Is éard atá i gceist le ______________________ an mhargaidh ná go mbaintear úsáid as modhanna éagsúla amhail ______________________________ chun an margadh a roinnt, agus soláthraíonn sé sin anailís ar thomhaltóirí bunaithe ar aois, inscne etc. Déantar é sin chun spriocmhargadh an bhranda a shainaithint.

**4.** Meaitseáil an smaoineamh don táirge leis an bhfoinse cheart do Smaoineamh Gnó as an liosta thíos:

**Taithí** **Iomaitheoirí** **Treochtaí an mhargaidh**

| Táirge | Foinse do Smaoineamh Gnó |
|---|---|
| Bhí James Dyson míshásta lena fholúsghlantóir féin agus bhain sé ó chéile é in iarracht ar a cheann féin a fhorbairt.  | |
| Chonaic Fostaí de chuid Microsoft deis le táirge a fhorbairt a rachadh in iomaíocht leis an Sony PlayStation. D'fhorbair an fostaí sin an Xbox.   | |
| Thug Brian Ó Laoi faoi deara go raibh an t-éileamh ar bhia sláintiúil beir leat ag fás agus d'fhorbair sé a shraith de bhialanna sláintiúla beir leat.   | |

**5.** Tá na céimeanna seo a leanas i gceist sa ghníomhaíocht bhainistíochta **Rialúchán.** Uimhrigh na céimeanna san ord ceart, **1 – 4 (is é 1 an chéad chéim)**.

| ORD NA nUIMHREACHA | CÉIMEANNA |
|---|---|
| | **Feidhmíocht a thomhas** |
| | **Comparáid a dhéanamh idir an fheidhmíocht agus an caighdeán** |
| | **An caighdeán a shocrú** |
| | **Gníomhú chun nithe a chur ina gceart (más gá)** |

**6.** Liostaigh **dhá** chúis le dífhostú cóir faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015:

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**7.** Cuir isteach an Institiúid AE cheart thíos: **Tá institiúid amháin ann nach bhfuil mínithe**.

**AN COIMISIÚN EORPACH**
**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**
**CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH**
**PARLAIMINT NA hEORPA**

| | |
|---|---|
| | • Toghann saoránaigh an AE na baill gach cúig bliana |
| | • Is é an Rialtas a cheapann gach ball i ngach aon cheann de na ballstáit |
| | • Freagrach as a chinntiú go ndéantar buiséad an AE a chaitheamh mar is cóir |

**8.** Déan an pá glan bliantúil a thugann Alsún Nic Cathmhaoil abhaile léi a ríomh ó na sonraí seo a leanas. **Taispeáin do chuid oibre**.

| **Ainm:** Alsún Nic Cathmhaoil | **€** | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Pá comhlán | | | 35,000 |
| **Asbhaintí:** | | | |
| ÍMAT: (20% de €35,000)<br>-Creidmheas Cánach | 7,000<br>-3,300 | | |
| ÍMAT glan | | **A** | |
| ÁSPC: (4% de €35,000) | | 1,400 | |
| MSU: (3% de €35,000) | | **B** | |
| **Asbhaintí iomlána:** | | | **C** |
| **An Pá Glan Bliantúil a thugtar abhaile** | | | **D** |

**Do chuid oibre:**

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an **obair foirne** in eagraíocht:

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**10.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a léiriú cé acu eagraíocht a sholáthraíonn **seirbhís idirghabhála** i gcoimhlint sa chaidreamh tionsclaíoch.

| | |
|---|---|
| **AN CHÚIRT OIBREACHAIS** | ☐ |
| **AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE (WRC)** | ☐ |

**11.** Tá Hempstead Teo. ag scrúdú a bhrabúsachta.
Ón eolas thíos, ríomh Céatadán an Bhrabúis Chomhláin agus Céatadán an Ghlanbhrabúis do 2020. **Taispeáin do chuid oibre ar fad sa spás atá ann chuige sin**.

| 2020 | |
|---|---|
| Díolacháin | €210,000 |
| Brabús Comhlán | €42,000 |
| Glanbhrabús | €10,500 |

| Chéatadán an Bhrabúis Chomhláin: | Chéatadán an Ghlanbhrabúis: |
|---|---|
| (i) ________________ | (ii) ________________________ |
| **Do chuid oibre:**<br>__________ x $\frac{100}{1}$ = | **Do chuid oibre:**<br>__________ x $\frac{100}{1}$ = |


**12.** Is liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. **Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.**

| | **Colún 1: Téarmaí Gnó** | | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|---|---|
| 1 | Bunachar Sonraí | A | An duine sa ghnólacht a chinneann an bealach a ndéantar faisnéis a bhailiú agus a úsáid. |
| 2 | Néalríomhaireacht | B | Córas freastalaithe ó chian, arna óstáil ar an idirlíon, a stórálann agus a bhainistíonn faisnéis. |
| 3 | Rialaitheoir Sonraí | C | Pacáiste bogearraí a chuireann ar chumas úsáideora fuaim, focail agus íomhánna a úsáid chun faisnéis a chur i láthair. |
| 4 | Duine is ábhar do na sonraí | D | Córas comhdaithe leictreonach a úsáidtear chun méideanna móra faisnéise a stóráil. |
| 5 | PowerPoint | E | Córas i gcomhair cumarsáid gnólacht le gnólacht gan aon idirghníomhaíocht dhaonna. |
| | | F | An duine a bhfuil a eolas pearsanta ina t(h)aobh á stóráil ag gnólacht. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **Téarma Gnó** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Míniúchán** | | | | | |

**13.** Líon isteach na **tosca táirgeachta** atá ar iarraidh.



**14.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu láidreacht, laige, deis nó bagairt gach ceann díobh seo a leanas:

| | **LÁIDREACHT** | **LAIGE** | **DEIS** | **BAGAIRT** |
|---|---|---|---|---|
| Tá sé deacair ar chustaiméirí Ryanair teagmháil a dhéanamh leis an aerlíne. | | | | |
| Tá an aimsir fhliuch i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an mbarr prátaí le haghaidh bhrioscáin Mhic Eochaidh. | | | | |
| Tógadh forbraíocht nua tithíochta in aice le SuperValu i mBaile Locha Riach. | | | | |
| Tá beagnach $200 billiún ina gcúlchistí airgid ag Apple. | | | | |

**15.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i **ngach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Is é a thuigtear le BLC ná **Bainistíocht / Beartas Láncháilíochta.**

**(ii)** Baineann **spreagadh / cumasú** fostaithe le páirt ghníomhach a bheith ag fostaithe i reáchtáil an ghnólachta.


**(iii)** Déanann Bainisteoir atá ina Éascaitheoir, tascanna **a tharmligean / a leagan síos** do na fostaithe.

**(iv)** Is féidir Dearadh **Ríomhchuidithe/ Ríomhchúnta** a úsáid chun táirgí a dhearadh.

## Freagarleabhar do Roinn 2

### Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2** i gceistpháipéar ar leithligh.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar curtha ar fáil i gcúl an Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa Fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa Fhreagarleabhar seo, is ceadmhach duit breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021 – Gnáthleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 17 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:00

2021.M56T 2021L033G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

# Gnó

## Roinn 2
## Gnáthleibhéal

Déardaoin 17 Meithamh Maidin 9:30 – 12:00

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**Trí** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

**agus** ceist **AMHÁIN** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 2 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| **Roinn 2** | **225 marc** |
|---|---|

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **trí** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,
Ceist **amháin** as **Cuid 2**,
**AGUS** ceist **AMHÁIN** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2.**

**Tá 75 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1

| **Ceist 1** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**DLÍ TOMHALTAIS**

Tá dlíthe éagsúla ann a thugann cosaint do thomhaltóirí in Éirinn. Tá sé de fhreagracht ar CICT (*CCPC i mBéarla*) a chinntiú go bhfeidhmíonn gnólachtaí na dlíthe Tomhaltais go léir agus go gcosnaítear cearta tomhaltóirí. Tá breac-chuntas ar chearta tomhaltóirí agus ar fhreagrachtaí miondíoltóirí i dtaca le hearraí agus seirbhísí de san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.

**(A)** **(i)** Cad dó a seasann na litreacha CICT (*CCPC i mBéarla*)?
**(ii)** Ainmnigh an Dlí Tomhaltais eile a fhorfheidhmíonn CICT. (10)

**(B)** Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, na forálacha seo a leanas san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980:
**(i)** Is gá go mbeadh earraí de réir caighdeán inmhargaidh
**(ii)** Is gá go mbeadh earraí oiriúnach don fheidhm atá leo
**(iii)** Ma cheannaíonn tomhaltóir táirge lochtach, cé atá freagrach? (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál leighis/cúitimh a bhfuil tomhaltóirí ina dteideal má sháraítear aon cheann d'fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. (15)

'Stailc neamhoifigiúil ag cur as go mór do sheirbhísí bus i Luimneach'
Newstalk, D.Fómh. 2020

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm ar bith atá ag ceardchumann. (15)

**(E)** Mínigh an próiseas a gcaithfidh fostaithe páirt a ghlacadh ann chun 'stailc oifigiúil' a reáchtáil, faoi mar a leagtar amach san Acht Caidrimh Thionscail, 1990. (15)

| **Ceist 2** | **Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá Síne agus Micheál Ó Dónaill ag smaoineamh ar mhodh an tsaincheadúnais a úsáid chun a ngnólacht a leathnú. Tá siad i mbun beár burgar ceardaí, áit a ndéanann Micheál na táirgí úra go léir gach lá. Chuaigh an gnólacht ó neart go neart le linn an bhliain dheireanach agus feiceann siad go bhfuil féidearthacht ag baint leis an smaoineamh a shaincheadú.



**(A)** Mínigh an téarma **saincheadúnas** mar chineál úinéireachta gnólachta. (10)

**(B)** Ainmnigh **dhá** ghnólacht eile in Éirinn a fheidhmíonn mar shaincheadúnais. (10)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bheadh ann do Shíne agus do Mhicheál dá gcinnfidís ar a ngnó a shaincheadú. (15)

**Fáiltíonn tionscal an fháilteachais roimh an laghdú ar CBL go dtí 9%**

I mbuiséad 2021, laghdaíodh an ráta CBL do thionscail an fháilteachais agus na turasóireachta ó 13.5% go 9% go dtí mí na Nollag 2021.

Curtha in oiriúint ó the Irish Examiner

**(D)** **(i)** Ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn tionscail an fháilteachais agus na turasóireachta.

**(ii)** Mínigh an **dá** earnáil eile den gheilleagar agus tabhair sampla **amháin** de ghnólacht i ngach earnáil díobh. (25)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a mbeidh tionchar ag an laghdú ar an ráta CBL **ar gach** ceann díobh seo a leanas:

- tionscail na turasóireachta agus an fháilteachais
- Ioncam Reatha an Rialtais. (15)

| **Ceist 3** | **Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

| **Cuntais Idirnáisiúnta R2 2020**<br>**Idirghníomhú eilleagrach na hÉireann leis an gcuid eile den domhan** | | |
|---|---|---|
| **Earraí** | | **Seirbhís** |
| Easpórtálacha €56bn | | Easpórtálacha €52bn |
| Iompórtálacha €23bn | | Iompórtálacha €53bn |

An Phríomh-Oifig Staidrimh

**(A)** **(i)** Agus an t-eolas thuas á úsáid agat, ríomh **Comhardú na nÍocaíochtaí** do R2 2020. **Taispeáin do chuid oibre**.

**(ii)** Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann. (20)

**(B)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta tábhachtach d'Éirinn. (15)

Tá tionchar mór ag an mBreatimeacht ar an ngnó in Éirinn. Bíonn ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí déileáil le taraifí nuair a bhíonn earraí á gceannach nó á ndíol acu anois. Tá roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta ag athlonnú go hÉirinn anois, áfach, mar thoradh ar an mBreatimeacht.



**(C)** Úsáidtear taraif mar bhac ar thrádáil. Mínigh an téarma **taraif** agus ainmnigh bac **amháin** eile ar thrádáil. (15)

**(D)** Mínigh an téarma **cuideachta ilnáisiúnta** (CIN). (10)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta athlonnú go hÉirinn i ndiaidh an Bhreatimeachta. (15)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Oibrithe Debenhams ag glacadh páirte i stailc náisiúnta lasmuigh de 11 siopa in Éirinn
Curtha in oiriúint ó the Irish Examiner

**(A)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann fostaí as bheith mar bhall de Cheardchumann. (15)

**(B)** Luaigh sampla **amháin** de Cheardchumann in Éirinn. (10)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt ar aighnis thionsclaíocha. (15)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag ionadaí ceardchumainn. (15)

**(E)** Mínigh, agus **dhá** chúis á dtabhairt agat, cén fáth a bhfuil an fógra thíos neamhdhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015. (20)

Cúntóir Cúraim Leanaí ag teastáil i Naíolann ghnóthach.
Lánaimseartha. Iarratasóirí ban amháin.
Caithfidh na hiarratasóirí a bheith ina nÉireannaigh.
Ní mór dóibh Béarla líofa a bheith acu.



Cuir do CV sa ríomhphost chuig: info@daisycrèche.ie

## Cuid 2

**Ceist 5** **Fiontraíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Aip mhóibíleach é Buymie a bhunaigh Devan Mac Aodha agus Artavazd Soyhikyan in 2015 chun earraí grósaera a sheachadadh ar an lá céanna. Tugann an aip deis do chustaiméirí siopadóireacht a dhéanamh i gcomhair earraí grósaera i miondíoltóirí móra amhail Tesco, Lidl agus Dunnes Stores. D’fhostaigh siad 200 siopadóir pearsanta agus tiománaí sa bhreis mar thoradh ar an méadú ar an éileamh.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a bhaineann le fiontraithe mar Devan agus Artavazd. (15)


**(B)** Mínigh **dhá** shlí ar féidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a bheith ina cabhair do ghnólacht. (15)

Mhéadaigh Tesco Éire Teo. pá a gcuid fostaithe 10% mar aitheantas as an obair chrua a rinne siad le linn na dtréimhsí deacra in 2020 agus 2021.

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann gnólacht as fostaithe a spreagadh. (15)

**(D)** **(i)** Tá Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow curtha i láthair sa phirimid thíos. Liostaigh na leibhéil 2, 4 agus 5 atá in easnamh. (20)

**(ii)** Mínigh tionscnamh a d’fhéadfadh Tesco a thabhairt isteach chun iarracht a dhéanamh ar riachtanais **shóisialta** a gcuid fostaithe a shásamh ar leibhéal 3.




**(E)** Mínigh an **stíl dhaonlathach cheannaireachta** uaireanta a úsáidtear ag Tesco agus cinntí á ndéanamh. (10)

| | |
|---|---|
| **Ceist 6** | **Gnó i nGníomh** |

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Óstán Theach Dhún Maicí**

Tá Óstán Theach Dhún Maicí ag streachailt lena dhoirse a choimeád ar oscailt le bliain anuas. Bhí ar Éadaoin Nic an Fhailí, an Bainisteoir Acmhainní Daonna, scaoileadh le seachtar den fhoireann le linn na tréimhse sin. Níor thaitin an ghné sin den Phleanáil Daonchumhachta le hÉadaoin agus tá súil aici go mbeidh ar chumas na n-úinéirí foireann a athfhostú amach anseo. Fuair an fhoireann go léir íocaíocht iomarcaíochta bunaithe ar shé seachtaine pá in aghaidh gach bliana seirbhíse.

**(A)** Mínigh **trí** mhodh, seachas pá, chun duais saothair a thabhairt d'fhostaithe. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm, seachas Pleanáil Daonchumhachta, atá mar chuid de phost Bainisteora Acmhainní Daonna. (20)



Bhí €490 sa tseachtain á shaothrú ag Tomás Ó Dúshláine san Óstán agus bhí sé ag obair ansin le 11 bhliain. Shocraigh sé a phacáiste iomarcaíochta a úsáid chun veain a cheannach chun seirbhís seachadta a chur ar fáil do na miondíoltóirí áitiúla i nDún Maicí a bhí ag brath ar dhíolacháin ar líne/ar an bhfón chun teacht slán. Bhí air mótarárachas le haghaidh úsáid ghnó a cheannach don veain agus bhí súil aige nach mbeadh a phréimh ró-ard.

**(C)** Ríomh an pacáiste iomarcaíochta a fuair Tomás ó Óstán Theach Dhún Maicí. (10)

**(D)** **(i)** Ainmnigh **agus** mínigh na cineálacha mótarárachais amháin a d'fhéadfadh Tomás a cheannach.

**(ii)** Ainmnigh thoisc **amháin** a mbíonn tionchar acu ar phréimh mhótarárachais. (15)

**(E)** Ní mór do Thomás cloí leis na prionsabail **Meon Lánmhaith, Slánaíocht** agus **Leas Inárachais**. Mínigh **dhá** cheann de na prionsabail sin. (15)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Cumann Gailf Chnoc Éidin

Is cúrsa é Cumann Gailf Chnoc Éidinn a bhfuil an-tóir air. In grianmhar soir ó dheas na hÉireann atá sé. Tá cúrsa den scoth ann, agus beár ina gcuirtear bia te ar fáil. Is mian leo síneadh a chur leis an gclubtheach, chun go mbeidh seomra tionóil ann le hócáidí níos mó a reáchtáil ann amach anseo. Níl aon airgead coigilte ag an gcumann gailf agus féachann siad ar an dtogra seo mar infheistíocht fhadtéarmach. Tá plean gnó á chur le chéile ag an gCoiste Airgeadais faoi láthair agus táthar tar éis gach ball den chlub a ghairm chuig cruinniú ó Zoom.

| **Réamhaisnéis um Shreabhadh Airgid do Chumann Gailf Chnoc Éidin do na chéad trí mhí de 2022** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2022 | Eanáir | Feabhra | Márta | Iomlán |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Fáltais Iomlána (A) | 13,000 | 14,000 | 25,000 | 52,000 |
| Íocaíochtaí Iomlána (B) | 21,000 | 15,000 | 13,000 | 49,000 |
| Airgead Glan (A-B) | -8,000 | -1,000 | 12,000 | 3,000 |
| Airgead Tosaigh | 2,000 | -6,000 | -7,000 | 2,000 |
| Airgead Deiridh | -6,000 | -7,000 | 5,000 | 5,000 |

**(A)** Ainmnigh mír **amháin** a d'fhéadfadh Cumann Gailf Chnoc Éidin a chur san áireamh ina réamhaisnéis um shreabhadh airgid faoi gach ceann de na ranna seo a leanas:

**(i)** Roinn na bhfáltas

**(ii)** Roinn na n-íocaíochtaí**.** (10)

**(B)** **(i)** An bhfuil sreabhadh airgid Chumann Gailf Chnoc Éidin ar staid níos fearr i mí Eanáir nó i mí an Mhárta?

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le do fhreagra. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (15)

**(D)** Mínigh **dhá** fhoinse d'airgeadas fadtéarmach a d'fhéadfadh Cumann Gailf Chnoc Éidin a úsáid chun a chuid gnó a leathnú. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú. (15)



**Ceist 8** **Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Tá Cadbury tar éis an táirge is nua uathu a sheoladh.

San áireamh sna céimeanna a bhain le próiseas forbartha an táirge nua bhí Giniúint Smaointe, Scagadh Táirgí and Staidéar Indéantachta. Rinne Cadbury margaíocht tástála.

**(A)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu thuas. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh taighde allamuigh a d'fhéadadh Cadbury a úsáid mar chuid de chéim na margaíochta tástála. (15)

Baintear úsáid as an Olltáirgeadh chun barraí Cadbury a dhéanamh. Úsáidtear pacáistiú a bhfuil dath sainiúil corcra Cadbury air chun na barraí a chlúdach.



**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **olltáirgeadh**.

**(ii)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** mhodh Táirgthe eile. (20)

**(D)** Léirigh, agus léaráid á húsáid agat, an **bealach dáileacháin** a d'fhéadfadh Cadbury a úsáid chun a gcuid barraí seacláide a dháileadh. (10)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag pacáistiú táirgí. (15)

| Ceist 9 | Gnó i nGníomh |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Tá a siopa crua-earraí agus DFÉ ag Muintir Riain ar imeall chathair Luimnigh le breis agus 60 bliain. Bhí láimhdeachas díolacháin ard acu in 2020, toisc go raibh líon mór daoine ag athchóiriú a gcuid tithe. Osclaíodh siopa mór de chuid sraith DFÉ i bpáirc mhiondíola in aice láimhe le gairid, áfach. Tá imní ar Mhuintir Riain go dtógfaidh an siopa sraithe nua seo roinnt dá gcuid custaiméirí uathu, in ainneoin go bhfuil teist mhaith ar ghnólacht Mhuintir Riain le breis agus 60 bliain anuas.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil ainm branda maith tábhachtach do ghnólacht mar ghnólacht Mhuintir Riain. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc nach mór do Mhuintir Riain a chur san áireamh sula socraíonn siad praghsanna a gcuid táirgí. (20)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **promóisean díolachán**.

**(ii)** Liostaigh **trí** mhodh chun Promóisean Díolachán a dhéanamh a d'fhéadfadh Muintir Riain a úsáid chun dul in iomaíocht leis an siopa sraithe atá níos mó ná iad. (20)

**(D)** Liostaigh **dhá** chúis a ndéantar gnólachtaí a leathnú. (10)

**(E)** Mínigh an difríocht idir **cumasc** agus **táthcheangal**. (10)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

An Ardteistiméireacht, 2021– Gnáthleibhéal

# Gnó – Roinn 2

Déardaoin 17 Meithamh Maidin 9:30 – 12:00